CINNEADH (CBES) 2022/597 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Aibreán 2022

lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta ('Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta'), ina bhfuil, i gCaibidil III, liosta de na bearta is gá a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha chun an leathadh sin a chomhrac.

(2) Tá Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas, agus tugann sé éifeacht do na bearta a liostaítear i gCaibidil III de, amhail na struchtúir is gá a fhorbairt laistigh den Aontas.

(3) An 8 Nollaig 2008, ghlac an Chomhairle a conclúidí agus doiciméad dar teideal *New lines for action by the European Union in combating the proliferation of weapons of mass destruction and their delivery systems* [Línte nua gníomhaíochta AE chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta a chomhrac] (na 'Línte Nua Gníomhaíochta'), ina luaitear go bhfuil leathadh arm ollscriosta ('AOS') ar cheann de na dúshláin slándála is mó go fóill, agus gur cuid bhunriachtanach den chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) é an beartas um neamhleathadh.

(4) Sna Línte Nua Gníomhaíochta, iarrann an Chomhairle ar fhoirmíochtaí agus ar chomhlachtaí inniúla de chuid na Comhairle, ar an gCoimisiún, ar institiúidí eile agus ar na Ballstáit obair nithiúil leantach a dhéanamh, agus í ag eascairt as an doiciméad sin.

(5) Sna Línte Nua Gníomhaíochta, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhféadfadh gníomhaíocht an Aontais chun an leathadh a chosc tairbhe a bhaint as an tacaíocht a chuireann líonra neamhrialtasach um neamhleathadh agus dí-armáil ar fáil, lena dtabharfaí le chéile institiúidí beartais eachtraigh agus ionaid taighde a bhfuil réimsí straitéiseacha an Aontais mar speisialtacht acu, agus ag an am céanna, a bheith ag tógáil ar líonraí úsáideacha atá ann cheana. D'fhéadfaí líonra den sórt sin a leathnú chuig institiúidí i dtríú tíortha.

(6) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle straitéis AE i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal '*Securing arms, protecting citizens*' [Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint] ('Straitéis SALW AE'). Cuireadh Straitéis SALW AE in ionad Straitéis AE chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlón a chomhrac, a glacadh in 2005. Tá SALW aindleathacha ag cur go fóill leis an éagobhsaíocht agus leis an bhforéigean san Aontas, ar a thairseach agus sa chuid eile den domhan. Tá mionairm aindleathacha ag cur leis an bhforéigean armtha, mar aon leis an gcoireacht eagraithe, leis an sceimhlitheoireacht agus coinbhleachtaí domhanda agus tá siad ina mbac ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar na hiarrachtaí bainistithe géarchéime. Tá réigiúin iomlána, mar aon le Stáit agus a sochaithe á ndíchobhsú ag mionairm aindleathacha agus tionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta á mhéadú acu. Sin é an fáth a bhfuil an Chomhairle tiomanta trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma gona n-armlón a chosc agus a shrianadh agus an fáth a bhfuil an chuntasacht agus an fhreagracht maidir lena dtrádáil dhlíthiúil á gcur chun cinn aici. Cuirtear an comhthéacs slándála forbartha, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas agus na forbairtí i ndearadh SALW agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann, a dhéanann difear do chumas rialtas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt, san áireamh i Straitéis SALW AE. Anuas air sin, cuireann sí san áireamh treoirphrionsabail Straitéis Dhomhanda AE 2016.

(7) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/430/CBES ([1]), lenar bunaíodh líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus sin ar choinníoll go mbeidh cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh sin le cur i gcrích ag Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (an 'Cuibhreannas').

(8) Tá údar leis an gCuibhreannas a roghnú mar thairbhí aonair deontais sa chás seo mar gheall ar thoil an Aontais, arna thacú ag na Ballstáit, leanúint dá chomhar torthúil le líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, lena gcuirtear le cultúr coiteann Eorpach a chruthú maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, chomh maith le cabhrú leis an Aontas a bheartais a fhorbairt agus a mhúnlú sna réimsí sin agus infheictheacht an Aontais a mhéadú. Fágann nádúr an Chuibhreannais, rud atá ann mar gheall ar an Aontas agus atá ag brath go hiomlán ar thacaíocht ón Aontas, go bhfuil gá le maoiniú 100 % sa chás seo. Níl aon acmhainní airgeadais neamhspleácha ná údarás dlíthiúil ag an gCuibhreannas chun cistí eile a thiomsú. Ina theannta sin, tá líonra, arna bhainistiú ag sé mheitheal machnaimh bunaithe ag an gCuibhreannas, lena dtugtar le chéile breis agus 100 meitheal machnaimh, ionad taighde agus roinn ollscoile, ina gcuimsítear beagnach an saineolas neamhrialtasach ar fad maidir le neamhleathadh agus dí-armáil san Aontas, lena n-áirítear eintitis sna Ballstáit uile.

(9) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/129/CBES ([2]), lenar cuireadh síneadh 3 bliana le cur chun cinn agus tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus lena gcuirtear de chúram ar an gCuibhreannas an Cinneadh sin a chur chun feidhme go teicniúil.

(10) An 3 Aibreán 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/632 ([3]), lenar foráladh do shíneadh a chur le tréimhse Chinneadh 2014/129/CBES chun go bhféadfar leanúint de na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go dtí an 2 Iúil 2017.

(11) An 4 Iúil 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1195 ([4]), lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh 2014/129/CBES ón 3 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2017 chun go bhféadfar comhdháil mhór bhliantúil amháin a eagrú in 2017 maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, agus chun leanúint de chothabháil agus de nuashonrú ardán idirlín an Chuibhreannais.

(12) An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/299 ([5]), lenar cuireadh síneadh 3 bliana le cur chun cinn agus tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus lenar cuireadh de chúram ar an gCuibhreannas an Cinneadh sin a chur chun feidhme go teicniúil.

(13) An 16 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/648 ([6]), lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/299 go dtí an 17 Bealtaine 2022 mar gheall ar dhúshláin chur chun feidhme a eascraíonn as paindéim leanúnach COVID-19,

---

([1]) Cinneadh 2010/430/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear gréasán Eorpach um meithleacha machnaimh neamhspleácha um neamhleathadh chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 202, 4.8.2010, lch. 5).

([2]) Cinneadh 2014/129/CBES ón gComhairle an 10 Márta 2014 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 71, 12.3.2014, lch. 3).

([3]) Cinneadh (CBES) 2017/632 ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 90, 4.4.2017, lch. 10).

([4]) Cinneadh (CBES) 2017/1195 ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 172, 5.7.2017, lch. 14).

([5]) Cinneadh (CBES) 2018/299 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 46).

([6]) Cinneadh (CBES) 2021/648 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 133, 20.4.2021, lch. 57).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun críocha rannchuidiú le cur chun feidhme feabhsaithe Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis SALW AE, atá bunaithe ar phrionsabail an iltaobhachais éifeachtaigh, an choisc agus an chomhair le tríú tíortha, leathnaítear leis seo cur chun cinn leanúnach agus tacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

(a) idirphlé polaitiúil agus idirphlé a bhaineann leis an tslándáil agus plé fadtéarmach a spreagadh maidir le bearta chun leathadh AOS agus a gcórais seachadta laistigh de shochaithe sibhialta a chomhrac agus, go háirithe, i measc saineolaithe, taighdeoirí agus lucht acadúil;

(b) deis a thabhairt dóibh siúd atá rannpháirteach i gcomhlachtaí ábhartha ullmhúcháin na Comhairle dul i gcomhairle leis an líonra maidir le saincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú onnmhairithe arm, agus le cur ar chumas ionadaithe na mBallstát páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chuibhreannais;

(c) bheith ina gcloch chora úsáideach do ghníomhaíocht neamhleata agus dí-armála an Aontais agus an chomhphobail idirnáisiúnta, go háirithe trí thuarascálacha agus/nó moltaí a chur ar fáil d'ionadaithe Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí');

(d) rannchuidiú le feabhas a chur ar fheasacht na dtríú tíortha ar dhúshláin maidir le leathadh agus dí-armáil, agus ar an ngá atá le hoibriú i gcomhar leis an Aontas agus i gcomhthéacs na bhfóram iltaobhach, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, chun cláir um leathadh ar ábhair imní ar fud an domhain iad a chosc, a dhíspreagadh, a stopadh agus, i gcás inar féidir, a dhíothú;

(e) rannchuidiú le saineolas agus le cumas institiúideach a fhorbairt i gcúrsaí neamhleata agus dí-armála i meithleacha machnaimh agus i rialtais san Aontas agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear trí oideachas ar neamhleathadh agus ar dhí-armáil a neartú, feasacht ar na saincheisteanna sin a mhúscailt i measc an aosa óig agus an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí agus de chleachtóirí sa réimse sin a chur chun cinn, go háirithe mná, agus sna heolaíochtaí nádúrtha agus teicniúla.

2. Beidh na gníomhaíochtaí sonracha seo a leanas san áireamh sna tionscadail a gheobhaidh tacaíocht ón Aontas:

(a) acmhainní a chur ar fáil chun mór-chomhdhálacha bliantúla a thionól le tríú tíortha agus leis an tsochaí shibhialta maidir le neamhleathadh agus dí-armáil chun plé agus sainaithint a dhéanamh ar bhearta breise chun leathadh AOS agus a gcórais seachadta a chomhrac, chomh maith le cuspóirí dí-armála idirghaolmhara, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hairm thraidisiúnta, lena n-áirítear cur i gcoinne na trádála aindleathaí agus carnadh iomarcach SALW agus a n-armlón. Leis na comhdhálacha sin, cuirfear chun cinn go hidirnáisiúnta Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis SALW AE, agus an ról, sa réimse sin, atá ag institiúidí agus meithleacha machnaimh an Aontais, d'fhonn infheictheacht bheartais an Aontais sa réimse sin a mhéadú, agus tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(b) acmhainní a chur ar fáil chun cruinnithe comhairleacha bliantúla a eagrú idir ionadaithe institiúidí an Aontais, ionadaithe na mBallstát agus saineolaithe chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna móra agus forbairtí criticiúla i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe ar onnmhairiú arm d'fhonn tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(c) acmhainní a chur ar fáil chun seimineáir ad-hoc a eagrú do shaineolaithe agus do chleachtóirí maidir le raon iomlán na saincheisteanna maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, lena gcumhdófaí idir airm neamhghnácha agus ghnáthairm, d'fhonn tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(d) acmhainní a chur ar fáil chun páipéir bheartais a ullmhú agus a fhoilsiú lena gcumhdófar topaicí faoi shainordú an Chuibhreannais agus chun roghanna beartais polaitiúla agus/nó oibríochtúla a chur chun cinn;

(e) acmhainní a chur ar fáil do mhúscailt feasachta leanúnach, agus d'oideachas agus forbairt saineolais agus cumais institiúidigh leanúnach i réimse an neamhleata agus na dí-armála i meithleacha machnaimh agus i rialtais san Aontas, agus i dtríú tíortha, tríd an méid seo a leanas:

— cúrsa ríomhfhoghlama lena gcumhdófar gach gné ábhartha den neamhleathadh agus den dí-armáil a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh,

— intéirneachtaí um neamhleathadh agus dí-armáil a bhunú do mhic léinn iarchéime nó do thaidhleoirí óga ón Aontas agus ó thríú tíortha,

— leanúint de 'Young Women and Next Generation Initiative' agus den Chlár Meantóireachta,

— cuairteanna staidéir bliantúla sa Bhruiséil a eagrú do rannpháirtithe i gClár Comhaltachtaí na Náisiún Aontaithe maidir le Dí-Armáil chun infheictheacht bheartais an Aontais i réimse an neamhleata, na dí-armála agus an rialaithe ar onnmhairiú arm a chur chun cinn agus a mhéadú,

— cúrsa oiliúna a eagrú chun feasacht a mhúscailte ar rioscaí an leata, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht,

(f) i measc mhic léinn na n-eolaíochtaí nádúrtha; acmhainní a chur ar fáil chun ardán idirlín agus cuntais líonraí sóisialta gaolmhara a chothabháil, a bhainistiú agus a fhorbairt a thuilleadh chun teagmhálacha a éascú, fóram uathúil a chur ar fáil don taighde Eorpach ar dhí-armáil agus neamhleathadh, líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála a chur chun cinn, teagmháil a dhéanamh leis an bpobal domhanda i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus tairiscintí oideachais an Chuibhreannais i ndáil le cúrsaí oiliúna ar an láthair agus ríomhfhoghlaim araon a chur chun cinn.

Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar na tuarascálacha san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é an Cuibhreannas a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), eagraíocht ina gcuimsítear an Fondation pour la recherche stratégique (FRS), an Institiúid um Thaighde ar an tSíocháin in Frankfurt (HSFK/PRIF), Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe), Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI), an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta (IAI) sa Róimh agus Ionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh (VCDNP). Déanfaidh an Cuibhreannas an cúram seo a chomhlíonadh faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an gCuibhreannas.

3. Molfaidh na Ballstáit agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tosaíochtaí agus ábhair shainleasa le measúnú i gcláir thaighde an Chuibhreannais, a ndíreofar orthu i ndoiciméid oibre agus i seimineáir, i gcomhréir le beartais an Aontais.

Airteagal 3

1. Is é EUR 4 700 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na tionscadail lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích leis an gCuibhreannas. Sonróidh an comhaontú go bhfuil an Cuibhreannas chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag an gCuibhreannas. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún ar ghnéithe airgeadais na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích faoin tréimhse sin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 11 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (Céim IV) — HR (2022) 34

17 Eanáir 2022

Bhunaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil agus é mar aidhm aici líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha a bhunú chun an idirphlé polaitiúil agus slándála a spreagadh mar aon leis an bplé fadtéarmach ar bhearta chun leathadh arm ollscriosta (AOS) agus a gcóras seachadta a chomhrac. Le hidirphlé den sórt sin cumhdaítear freisin saincheisteanna a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear mionairm agus airm éadroma (SALW). Is in 2010 a seoladh an tionscadal le Cinneadh 2010/430/CBES ón gComhairle, agus d'athdhearbhaigh an tAontas a thacaíocht do dhá chéim eile dó in 2014 (le Cinneadh 2014/129/CBES ón gComhairle) agus in 2018 (le Cinneadh 2018/299/CBES ón gComhairle). Tabharfar cur chun feidhme Chéim III i gcrích i mí na Bealtaine 2022.

Is é atá i gCuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil faoi láthair an Fondation pour la Recherche Stratégique, an Istituto Affari Internazionali (IAI), an International Institute for Strategic Studies (IISS), an Peace Research Institute Frankfurt (HSFK/ PRIF), an Stockholm International Peace Research Institute (SIPRI) agus an Vienna Center for Disarmament and Non-Proliferation (VCDNP). Le himeacht na mblianta tá méadú tagtha ar an líonra agus tá 104 bhall anois ann, meithleacha machnaimh, ionaid taighde agus ranna ollscoile ina measc, atá lonnaithe i mBallstáit uile an Aontais agus i 6 thír eile (an Iorua, an tSeirbia, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe).

Is é ról an Chuibhreannais an Líonra a chomhordú agus a chur chun cinn agus a chuid saineolais a chur ar fáil don Aontas, d'fhonn eolas a chur ar fáil don phlé a dhéanfaidh a chomhlachtaí ábhartha i ndáil le beartais maidir le neamhleathadh, rialú arm agus dí-armáil agus smaointe, anailís agus moltaí a chur ar fáil. Tá sé sin déanta ag an gCuibhreannas trí raidhse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear comhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta, gníomhaíochtaí oideachais, foilseacháin agus obair for-rochtana. Le linn Chéim III den tionscadal, tháinig leathnú de réir a chéile ar raon feidhme obair an Chuibhreannais chun freagairt ar an ngá cumas, feasacht agus deiseanna breise a fhorbairt i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm i measc na chéad ghlúine eile de chleachtóirí agus de scoláirí agus i measc gairmithe i réimse na n-eolaíochtaí nádúrtha. Tugadh aird ar leith freisin ar an ngá níos mó ban a bheith rannpháirteach sa réimse.

De bharr na bhforbairtí agus na ndúshlán leanúnach i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm, tá teacht le chéile an Chuibhreannais agus an Líonra, mar aon lena dtaighde agus a n-obair for-rochtana, an-ábhartha don Aontas agus dá Bhallstáit. Ag tógáil ar an obair a rinneadh le linn na gcéimeanna roimhe seo den tionscadal, léiríonn Céim IV de Chuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil, mar a leagtar amach sa doiciméad seo í, an chaoi ina leanfaidh a ghníomhaíochtaí de chur ar chumas an Chuibhreannais agus an Líonra eolas a chur ar fáil d'obair an Aontais sa réimse tábhachtach seo.

1. **Bainistíocht ghinearálta**

Faoin mbainistíocht ghinearálta, leanfaidh an Stockholm International Peace Research Institute de mhaoirseacht agus de chomhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chuibhreannais agus líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála (an Líonra), lena n-áirítear trí chruinnithe den Choiste Stiúrtha a eagrú idir ionadaithe ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCuibhreannas agus trí oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Áirítear leis sin freisin éagsúlacht an Líonra a leathnú a thuilleadh ó thaobh disciplíní acadúla, tíreolaíochta, inscne agus aoise de. Áirítear leis an mbainistíocht ghinearálta freisin am do chomhaltaí uile an Chuibhreannais cúraimí ginearálta bainistíochta a chomhlíonadh (e.g. freastal ar chruinnithe comhordúcháin, ionchur a chur faoi bhráid an chomhordaitheora) agus costais infheictheachta a chumhdach.

Áireofar an méid seo a leanas i gCéim IV (2022–2025) freisin:

— Coiste Cláir Chuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó chomhaltaí an Chuibhreannais, SEGS agus an Choimisiúin Eorpaigh chun ionchur a sholáthar maidir le hábhar agus eagrúchán na Comhdhála Bliantúla agus tionscadal eile (e.g. an cruinniú comhairliúcháin, an tsraith foilseachán agus seimineáir *ad-hoc*).

— Sé chruinniú faisnéise ó bhéal (fhíorúla nó fhisiciúla) do CONOP, COARM agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, de réir mar is iomchuí, ó shaineolaithe atá cleamhnaithe le comhaltaí an Líonra nó an Chuibhreannais agus arna iarraidh sin do SEGS (a seachadadh roimhe seo trí thionscadal Help Desk (Deasc Chabhrach).

2. **Cur síos ar na tionscadail**

Is cuspóirí trasearnálacha maidir leis na tionscadail uile iad na cuspóirí seo a leanas:

— Éagsúlacht ó thaobh inscne agus geografaíochta de a áirithiú i ngach gníomhaíocht

— Tacú leis an gcéad ghlúin eile de shaineolaithe maidir le neamhleathadh agus dí-armáil

2.1 **Comhdháil bhliantúil maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a eagrú (faoi stiúir: IAI)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Ag an gComhdháil Bhliantúil, ina mbeidh saineolaithe rialtais agus meithleacha machnaimh neamhspleácha agus saineolaithe acadúla eile ón Aontas agus ó thíortha comhlachaithe agus tríú tíortha rannpháirteach, déanfar plé agus sainaithint ar bhearta breise chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta agus cuspóirí dí-armála idirghaolmhara a chomhrac, agus tabharfar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear dul i ngleic le gáinneáil aindleathach agus carnadh iomarcach mionarm agus arm éadrom agus a n-armlón, agus le rioscaí agus deiseanna gaolmhara na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

I gCéim IV (2022-2025), cumhdaítear eagrúchán aon Chomhdhála Bliantúla amháin in aghaidh na bliana leis an ngníomhaíocht seo. Tá sé mar aidhm ag an gCuibhreannas an Chomhdháil a reáchtáil go pearsanta ach an deis a bheith ann cuid den imeacht, nó an t-imeacht ar fad, a bheoshruthú. I gcás ina mbeadh feidhm fós ag na srianta taistil agus cruinnithe a bhaineann le COVID-19, bheadh an Cuibhreannas réidh le formáid an imeachta a choigeartú mar a rinneadh cheana féin le linn Chéim III. De bhreis air sin:

— Tionólfar an cruinniú den Líonra go pearsanta agus an Chomhdháil Bhliantúil i ndiaidh a chéile. Tionólfar cruinnithe breise fíorúla den Líonra i rith na bliana.

— Tionólfar an cruinniú de chuid "Next Generation" agus an Chomhdháil Bhliantúil i ndiaidh a chéile ach beidh baint ag an gcruinniú le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le saineolaithe óga (féach ceannteideal 2.6 den doiciméad seo).

— Tabharfar cuireadh do mheantaithe Chlár Meantóireachta Chuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil páirt a ghlacadh sa chomhdháil.

Torthaí an tionscadail

— Comhdháil mhór idirnáisiúnta faoi stiúir na hEorpa maidir le neamhleathadh agus dí-armáil a choinneáil a bheidh ina hionad lárnach chun plé straitéiseach a chur chun cinn maidir le bearta chun leathadh AOS agus a gcóras seachadta agus cuspóirí dí-armála idirghaolmhara a chomhrac, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear dul i ngleic le gáinneáil aindleathach agus carnadh iomarcach SALW agus a n-armlón.

— Infheictheacht agus feasacht faoi bheartais an Aontais i réimse na n-arm ollscriosta agus neamhleathadh SALW agus i réimse na gníomhaíochta ceimicí, bitheolaíche, raideolaíche agus núicléiche i measc na n-oifigeach rialtais, an lucht acadúil agus sochaí sibhialta tríú tíortha.

— Ról agus comhtháthú an Líonra agus ról an Aontais sa réimse sin a chur chun cinn.

— Saineolas maidir le neamhleathadh agus dí-armáil a fhorbairt i dtíortha ina bhfuil sé neamhleordhóthanach, lena n-áirítear tríú tíortha, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt don chéad ghlúin eile.

— Moltaí atá dírithe ar ghníomhaíocht a chur isteach lena gcuirfí feabhas ar chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis SALW an Aontais agus a bheadh ina gcéim úsáideach ar an tslí chuig gníomhaíocht a bhaineann le neamhleathadh agus gnáth-airm ag an Aontas agus ag an gcomhphobal idirnáisiúnta.

— Cur leis feasacht agus faisnéis an Aontais, na mBallstát, na sochaí sibhialta agus tríú tíortha faoi bhagairtí a bhaineann le hairm ollscriosta agus a modhanna seachadta, lena bhféadfadh siad a réamhaíocht a fheabhsú.

2.2 **Cruinniú comhairleach bliantúil maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a eagrú (faoi stiúir: FRS)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis na cruinnithe comhairleacha, le rannpháirtíocht ionadaithe ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó mheithleacha machnaimh, tabharfar aghaidh ar dhúshláin ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha don Aontas i réimse an neamhleata agus na dí-armála, go háirithe AOS agus a modhanna seachadta, gnáth-airm lena n-áirítear SALW, cineálacha nua arm agus córais seachadta.

I gCéim IV den tionscadal cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seo eagrúchán cruinnithe chomhairligh amháin in aghaidh na bliana, cruinniú a bheidh roinnte ina dhá chuid agus a gcumhdófar saincheisteanna maidir le CONOP agus COARM i gceachtar den dá chuid, agus ullmhúchán na dtuarascálacha agus/nó moltaí lena mbaineann. Déanfar na cláir oibre do na himeachtaí sin a ullmhú i ndlúthchomhar le SEGS agus le meithleacha CBES na Comhairle um Neamhleathadh agus dí-armáil (CONOP) agus Onnmhairiú gnáth-arm (COARM). Rachfar i gcomhairle le comhlachtaí breise nuair is ábhartha (e.g. Tascfhórsa Spáis SEGS). Go sonrach:

— Tionólfar an Cruinniú Comhairleach thar suas le dhá lá roinnte idir cruinnithe CONOP agus cruinnithe COARM. Déanfar foráil go mbeidh suas le 50 duine rannpháirteach go pearsanta ó mheithleacha machnaimh na Eorpa, ó Bhallstáit an Aontais agus ó institiúidí an Aontais a bhfuil saineolas acu ar shaincheisteanna a bhaineann le dí-armáil agus neamhleathadh arm ollscriosta agus gnáth-airm, lena n-áirítear SALW, mar aon le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, don dá sheisiún seo bunaithe ar CONOP agus COARM.

— Tionólfar an Cruinniú Comhairleach i bhformáid phearsanta thar 2 lá chun malartuithe idir rannpháirtithe a mhéadú a mhéid agus is féidir.

Torthaí an tionscadail

— Faisnéis agus anailís a mhalartú maidir le treochtaí reatha leata i measc cleachtóirí beartais agus saineolaithe acadúla ó na Ballstáit, chomh maith le foireann speisialaithe ó SEGS agus ó institiúidí an Aontais.

— Plé a dhéanamh ar na bealaí agus na modhanna is fearr chun beartais an Aontais i gcoinne an leata a chur chun feidhme.

— Aiseolas cuiditheach a thabhairt don Aontas maidir lena straitéisí i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus SALW trí mheithleacha machnaimh Eorpacha neamhspleácha, agus moltaí ó chleachtóirí do thaighdeoirí maidir leis na hábhair is ábhartha ó thaobh beartas de le haghaidh tuilleadh taighde.

— Saincheisteanna ábhartha a shainaithint i réimse an neamhleata agus na dí-armála i gcomhair tuarascálacha atá dírithe ar bheartais.

— Tuarascálacha atá dírithe ar bheartais a tháirgeadh mar aon le sraith de mholtaí, agus iad dírithe ar ghníomhaíochtaí, d'ionadaithe an Ardionadaí.

2.3 **9 Seimineár *Ad Hoc* a eagrú maidir leis an Neamhleathadh agus an Dí-armáil**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Tá cuspóir comhairleach ag na seimineáir *Ad Hoc*, idir an Líonra, an tAontas agus a Bhallstáit, ar bhonn *ad hoc*, chun aghaidh a thabhairt ar imeachtaí suntasacha agus ar roghanna beartais de chuid an Aontais, chomh maith le deis a thabhairt don Líonra, do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais teagmháil a dhéanamh le spriocphobail laistigh agus lasmuigh den Aontas.

Leis an tionscadal, foráiltear d'eagrú suas go dtí naoi gcinn de sheimineáir *ad hoc* saineolaithe in éineacht le hullmhú mionteagaisc ghaolmhair i scríbhinn. Maidir le Céim IV:

— Eagrófar trí sheimineár i bpearsa agus sé cinn fhíorúla.

— Mar chuid d'eagrú na seimineár, coimisiúnófar saineolaithe ábhartha atá cleamhnaithe leis an Líonra, an Cuibhreannas nó, más gá, institiúidí eile, mionteagasc *ad hoc* i scríbhinn a ullmhú ina ndíreofar ar ábhar an tseimineáir. Scaipfear na mionteagaisc sin roimh an seimineár mar dhoiciméad cúlra nó ina dhiaidh chun forléargas a thabhairt ar na príomhcheachtanna atá le foghlaim. Foilseofar na mionteagaisc *ad hoc* ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

— Féadfaidh SEGS mionteagaisc neamhspleácha (Páipéir Deisce Cabhrach roimhe seo) a iarraidh freisin seachas mionteagasc i scríbhinn ina ndírítear ar ábhar seimineár *Ad Hoc*.

Torthaí an tionscadail

— Faisnéis agus anailís a mhalartú maidir le treochtaí reatha leata i measc cleachtóirí beartais agus saineolaithe acadúla ó na Ballstáit, chomh maith le foireann speisialaithe ó SEGS agus ó institiúidí an Aontais.

— Plé a dhéanamh ar na bealaí agus na modhanna is fearr chun beartais an Aontais i gcoinne an leata a chur chun feidhme.

— Aiseolas cuiditheach a thabhairt don Aontas maidir lena straitéisí i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus SALW trí mheithleacha machnaimh neamhspleácha san Aontas, agus moltaí ó chleachtóirí do na meithleacha machnaimh maidir leis na hábhair is ábhartha ó thaobh beartas de le haghaidh tuilleadh taighde.

— Saincheisteanna ábhartha a shainaithint i réimse an neamhleata agus na dí-armála i gcomhair tuarascálacha atá dírithe ar bheartais.

— Tuarascálacha atá dírithe ar bheartais a tháirgeadh mar aon le sraith de mholtaí, agus iad dírithe ar ghníomhaíochtaí, d'ionadaithe an Ardionadaí. Scaipfear na tuarascálacha sin ar institiúidí ábhartha an Aontais agus ar na Ballstáit.

2.4 **15 Pháipéar Beartais de chuid an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (ceannaire: SIPRI)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis an tionscadal, foráiltear d'ullmhú agus d'fhoilsiú suas le 15 pháipéar beartais. Coimisiúnóidh an Cuibhreannas na páipéir bheartais agus ullmhóidh an Cuibhreannas nó an Líonra go príomha iad, agus é d'aidhm go n-áiritheofar ionadaíocht chothrom éagsúil tuairimí maidir le hinscne agus maidir le saineolas téamach agus réigiúnach. Nuair is féidir, iarrfar, leis an tsraith páipéar beartais, rannchuidithe ó speisialtóirí "next generation" chun rannchuidiú lena bhforbairt ghairmiúil. Leis na páipéir, cumhdófar na hábhair a bheidh faoi shainordú an Chuibhreannais. Molfar moltaí/roghanna beartais i ngach páipéar. Foilseofar gach páipéar beartais ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

Torthaí an tionscadail

— Idirphlé feabhsaithe polaitiúil agus slándála maidir le bearta chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta a chomhrac, maidir le rialú arm agus dí-armáil, go príomha ag saineolaithe, taighdeoirí agus acadóirí.

— Feasacht, eolas agus tuiscint mhéadaithe laistigh den tsochaí shibhialta, de líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus de rialtais ar shaincheisteanna a bhaineann le beartais an Aontais maidir le neamhleathadh, rialú arm agus dí-armáil.

— Roghanna beartas polaitiúil agus/nó beartas oibríochtúil a chuirtear ar fáil don Ardionadaí, d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit.

— Gníomhaíochtaí maidir le neamhleathadh, rialú arm agus dí-armáil a fhorbairt ar leibhéal an Aontais, tacaithe trí smaointe, trí fhaisnéis agus trí anailís.

2.5 **Oideachas ar an neamhleathadh agus an dí-armáil a chur chun cinn agus a neartú**

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas sa tionscadal:

2.5.1 ***Nuashonrú ar chúrsaí agus ar bhonneagar ríomhfhoghlama EUNPD*** **(ceannaire: PRIF)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Sa ghníomhaíocht seo, díreofar ar an uirlis ríomhfhoghlama a scaipeadh agus a úsáid ar fud an domhain, uirlis a forbraíodh faoi Chéimeanna II agus III. Tá 20 aonad foghlama sa chúrsa faoi láthair, maidir leis na saincheisteanna ábhartha uile a bhaineann le neamhleathadh agus dí-armáil. I gCéim IV, nuashonrófar gach ceann den 20 aonad go tráthrialta chun na fíricí agus na figiúirí is déanaí a chur ar fáil do mhic léinn. Mar gheall ar na suaití suntasacha i réimse an neamhleata agus na dí-armála le blianta beaga anuas, dírítear, sa chéim seo, ar nuashonrú suntasach a dhéanamh ar na 15 aonad foghlama bhunaidh a forbraíodh idir 2014 agus 2017: ó thaobh ábhair de; soláimhsitheacht don úsáideoir agus comhéadan úsáideora; agus dearadh grafach agus físeáin. Leis na hathruithe sin, is fusa a bheidh sé na haonaid foghlama a choinneáil cothrom le dáta.

Tabharfar aird ar leith arís ar inrochtaineacht i.e. an t-uasghrádú d'úsáideoirí a bhfuil laguithe amhairc nó éisteachta orthu. Feabhsófar intuigtheacht an chúrsa ar fad trí athbhreithniú teanga a dhéanfaidh cainteoirí dúchais speisialaithe Béarla. Le for-rochtain agus tacaíocht leanúnach d'institiúidí oideachais, beifear in ann an ríomhfhoghlaim a chomhtháthú go héasca i gCláir Mháistreachta Ollscoileanna agus i dtairiscintí oideachais eile agus spreagfar úsáid an chúrsa ríomhfhoghlama ar fud an domhain.

Torthaí an tionscadail

— Cúrsa ríomhfhoghlama EUNPD atá ann cheana a chothabháil, a bharrfheabhsú agus a nuashonrú lena gcumhdófar gach gné ábhartha den neamhleathadh agus den dí-armáil.

— For-rochtain agus cúnamh d'oideoirí, oiliúnóirí léachtóirí leas a bhaint as acmhainní oideachais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

— For-rochtain agus cúnamh d'iriseoirí agus do thaidhleoirí sóisearacha leas a bhaint as acmhainní oideachais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

— Tacaíocht a chur ar fáil chun rialú arm, neamhleathadh agus dí-armáil a theagasc i seimineáir ollscoile.

— Tacaíocht a chur ar fáil chun ríomhfhoghlaim agus oiliúint-seomra-ranga ("an fhoghlaim chumaisc") a chomhcheangail.

— Eolas cuimsitheach méadaithe ar bheartais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha.

— Acmhainn oideachais oscailte, nuashonraithe go leanúnach, a chur ar fáil do na geallsealbhóirí uile a bhfuil baint acu le taighde agus le clársceidealú i leith an neamhleata.

— Eolas tacaíochta ríthábhachtach a chur ar fáil do chleachtóirí agus do scoláirí an neamhleata.

2.5.2 ***"Ceardlann teagaisc" (mol acmhainní teagaisc)*** **(faoi stiúir: PRIF)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis an ngníomhaíocht seo, leanfar den obair a tionscnaíodh in 2021/22, chun oideachas faoi dhí-armáil, rialú arm agus neamhleathadh san Aontas a neartú. Go dtí seo, rinneadh 59 gcúrsa ábhartha a teagascadh le déanaí in ollscoileanna san Aontas a shainaithint trí chuardach fairsing ar líne. Chuathas i dteagmháil leis na léachtóirí faoi seach ina n-aonar. Mar fhreagra, cuireadh 24 shiollabas ar fáil. Ba é an toradh a bhí ar réamh-mheastóireacht ná dhá shiollabas máistreachta agus achoimrí gearra ar eochairthéacsanna. I gCéim IV, tiomsóidh an tionscadal cúrsaí in ollscoileanna Eorpacha agus i Meiriceá Thuaidh agus leathnófar an cuardach go dtí tíortha nach tíortha san Iarthar iad. Déanfar an anailís staidrimh a bheachtú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí. Molfar ábhar breise do léachtóirí agus do theagascóirí.

Torthaí an tionscadail

— Raon leathan curaclam imeachtaí foghlama mar shamplaí agus inspioráid curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

— Foilseofar ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais meastóireacht staidrimh ar chúrsaí atá ann cheana, e.g. topaicí a theagasctar, cuir chuige theoiriciúla nó éagsúlacht inscne, agus cuirfear i láthair ag comhdhálacha nó ceardlanna iad.

— Cruthú agus nuashonrú dhá "shiollabas máistreachta" do theagascóirí céaduaire.

— Achoimrí gearra, ar litríocht atá ábhartha nó atá ar iarraidh, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

2.5.3 **Cúrsa oiliúna maidir le feasacht ar leathadh (ceannaire: SIPRI)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis an ngníomhaíocht seo, cumhdófar eagrú sé chúrsa oiliúna chun feasacht a mhúscailt faoi rioscaí an leata do mhic léinn fochéime agus iarchéime sna heolaíochtaí nádúrtha agus i réimsí ábhartha eile. Cruthófar nasc leis freisin idir na heolaíochtaí sóisialta agus na heolaíochtaí nádúrtha, a sainaithníodh mar riachtanas práinneach sa chéim dheireanach. Áireofar leis seo curaclam tiomnaithe a fhorbairt do dhreamanna ar leith (amhail bithleighis, innealtóireacht nó núicléach) agus dhá chúrsa in aghaidh na bliana a sheachadadh. I gCéim IV, eagrófar trí cinn de na cúrsaí sin i bpearsa i Stócólm; cuirfear trí cinn ar bun go fíorúil.

Torthaí an tionscadail

— Cumas feabhsaithe a bheith ag an gcéad ghlúin eile de scoláirí sna heolaíochtaí nádúrtha agus i réimsí ábhartha a mhéid a bhaineann le hionstraimí agus le beartais maidir le neamhleathadh.

— Rannchuidiú le sprioc bheartas an Aontais maidir le neamhleathadh trí chur le feasacht faoi na rioscaí i ndáil le leathadh arm i measc disciplíní a bhfuil rioscaí móra maidir le leathadh arm ag baint leo agus faoi fhorbairtí teicneolaíochta; agus faoi dheiseanna aghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le leathadh arm trí fhorbairtí teicneolaíochta.

— Meascán den chianfhoghlaim (an ríomhfhoghlaim) agus den oiliúint ar an láthair ("an fhoghlaim chumaisc").

2.6 **Saincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh agus dí-armáil do mhná óga agus don chéad ghlúin eile a chur chun cinn**

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas sa tionscadal:

2.6.1 **Clár Intéirneachtaí (faoi stiúir: PRIF)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Déantar foráil sa ghníomhaíocht seo d'intéirneachtaí Eorpacha maidir le neamhleathadh agus dí-armáil a chur ar fáil do suas le 30 mac léinn iarchéime nó taidhleoir óg, ar feadh tréimhse suas le 3 mhí an ceann. Is é an Cuibhreannas a dhéanfaidh na hintéirneachtaí a chur ar bun agus a dhoiciméadú agus is éard a bheidh i gceist leo rannpháirtíocht in imeachtaí agus i gceardlanna, tascanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus beidh tionscadail mar chuid díobh chomh maith. Tá na hinstitiúidí uile de chuid an Líonra incháilithe mar institiúidí óstacha. Is d'iarrthóirí Eorpacha amháin 24 as 30 intéirneacht agus is d'iarrthóirí nach as an Eoraip iad na 6 intéirneacht eile. Tabharfar cuireadh do gach intéirneach – a mhéid is féidir – chuig na comhdhálacha agus na seimineáir a eagraíonn an Cuibhreannas agus a bheidh ar siúl le linn a n-intéirneachta.

Torthaí an tionscadail

— Cumas feabhsaithe a bheith ag an gcéad ghlúin eile de scoláirí agus de chleachtóirí a mhéid a bhaineann le beartas agus clársceidealú maidir le neamhleathadh.

— Eolas cuimsitheach méadaithe ar bheartais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil ar fud an Aontais.

— Tuiscint níos fearr ar straitéisí, ar bheartais agus ar chuir chuige an Aontais maidir le neamhleathadh i dtríú tíortha.

— Líonraí de chleachtóirí agus scoláirí óga a chruthú agus comhar praiticiúil a éascú.

— Fothú acmhainneachta neartaithe maidir le beartais an Aontais i réimse na n-arm ollscriosta agus i réimse SALW laistigh den Líonra.

2.6.2 ***Clár gníomhaíochtaí agus meantóireachta don chéad ghlúin eile de mhná óga*** **(faoi stiúir: VCDNP)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Bunaithe ar na míchothromaíochtaí aoise agus inscne a nglactar go forleathan leis ar ann dóibh i measc saineolaithe agus cleachtóirí i réimse an neamhleata, na dí-armála agus an rialaithe arm, tá sé mar aidhm ag an tionscadal mic léinn fochéime, céimithe agus mic léinn iarchéime a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm, a bhfeasacht faoi na saincheisteanna sin a mhéadú, agus a rannpháirtíocht in imeachtaí agus i gceardlanna maidir le hábhair ábhartha a spreagadh. I gCéim IV, eagrófar dhá chuairt for-rochtana ar an láthair in aghaidh na bliana ar ollscoileanna san Eoraip chun cur le hinfheictheacht an réimse agus chun deiseanna do scoláirí óga a mhéadú. Leis an ngníomhaíocht seo, eagrófar tuilleadh seimineár gréasáin maidir le hábhair théamacha, a mbeidh faisnéis faoi dheiseanna gairme nó faoi chonairí gairme do dhaoine óga ar fáil iontu i gcónaí.

Ina theannta sin, eagrófar clár meantóireachta foirmiúil gach bliain (fad bliana) i gCéim IV chun láithreacht na mban sa réimse sin a mhéadú chun 20 bean óg a chur ag obair le 20 meantóir chun líonraí ar an leibhéal aonair a fheabhsú, tuiscint ar an réimse a mhéadú agus comhairle ghairme a iarraidh. Beidh seisiúin le saineolaithe, imeachtaí sóisialta agus ceardlanna forbartha scileanna mar chuid den chlár meantóireachta.

Torthaí an tionscadail

— Cumas feabhsaithe a bheith ag an gcéad ghlúin eile de scoláirí agus de chleachtóirí i réimse an neamhleata, na dí-armála agus an rialaithe arm.

— Tuiscint níos fearr ar an réimse agus ar bheartais ábhartha an Aontais.

— Feasacht mhéadaithe ar dheiseanna do scoláirí óga, go háirithe do mhná, le bheith níos gníomhaí i réimse an neamhleata, dí-armála agus an rialaithe arm.

— Líonraí neartaithe i measc cleachtóirí óga agus idir cleachtóirí óga agus saineolaithe aitheanta.

— Tuilleadh teagmhála le scoláirí óga ar spéis leo níos mó a fhoghlaim faoin réimse agus dul leis an ngairm.

2.7 **Cuairt do Chomhaltachtaí Chlár Staidéir na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil ar an mBruiséil (faoi stiúir: VCDNP)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis an tionscadal seo, faoi chuimsiú Chlár Comhlachtaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-armáil, beidh deis ag na comhaltaí cuairt staidéir idir 2 agus 3 lá a thabhairt ar Bhruiséil na Beilge chun tuilleadh a fhoghlaim faoin Aontas, faoina chuid beartas, faoin gcaoi a bhfeidhmíonn sé agus faoina institiúidí. Cuirfear an ghné Eorpach den chlár comhlachtaí san áireamh agus an chuairt á heagrú. Is é is aidhm don chlár forléargas cuimsitheach a thabhairt ar phríomhinstitiúidí agus ar phríomhchomhlachtaí ceaptha beartais an Aontais, go háirithe maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, agus cuirfear cuir i láthair théamacha ar fáil faoi obair an Aontais sa réimse sin, lena n-áirítear cláir thacaíochta a chuirtear ar fáil do thríú tíortha.

Torthaí an tionscadail

— Cur le heolas agus le hinfheictheacht maidir le beartais an Aontais agus leis an gcaoi a bhfeidhmíonn sé agus tacú le cláir maidir le neamhleathadh agus dí-armáil i dtríú tíortha.

— Saineolas feabhsaithe maidir le hábhair a bhaineann le harm ollscriosta agus le SALW i dtíortha comhpháirtíochta agus i dtríú tíortha.

— Tuilleadh comhair le hOifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-Armála agus rannchuidiú le hiarrachtaí oideachais faoi chuimsiú Chlár Comhaltachtaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil.

2.8 **For-rochtain agus cumarsáid (faoi stiúir: FRS)**

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid den tionscadal:

***Suíomh gréasáin, ardán an Líonra agus for-rochtain* (faoi stiúir: FRS)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Leis an ngníomhaíocht seo, cuirfear modhanna ar fáil chun suíomh gréasáin an Chuibhreannais agus na líonraí sóisialta (Twitter, LinkedIn, Youtube) a óstáil, a dhearadh agus chun cothabháil theicniúil a dhéanamh orthu.. Tar éis ardán comhoibritheach digiteach a chruthú le linn na céime roimhe seo chun an chumarsáid, an comhar agus comhroinnt deachleachtas laistigh den Líonra a éascú, cumhdófar bainistiú an phobail, nuashonruithe agus cothabháil theicniúil ar an ardán faoin ngníomhaíocht seo. Beidh baint níos mó ag baill an líonra trí bhíthin an ardáin chomhoibrithigh dhigitigh seo, trína bheith ag idirghníomhú ar an bhfóram, a n-acmhainní agus imeachtaí atá ar na bacáin a chomhroinnt, chomh maith leis an eolas is déanaí a chur ar fáil faoina saineolaithe agus faoina n-institiúidí. Beidh gach taighdeoir in ann próifíl ar leith a chruthú ar an ardán, eolas a fháil faoi Chuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil agus faoin Líonra agus idirghníomhú le húsáideoirí eile. Chomh maith leis sin:

— Leanfar d'fhoilseacháin, imeachtaí agus deiseanna fostaíochta de chuid an Chuibhreannais agus de chuid chomhaltaí eile an Líonra a chur chun cinn agus leanfar de bheith ag tacú leo ar na hardáin éagsúla.

— Leanfar de na comhdhálacha a eagraíonn an Cuibhreannas a chur chun cinn agus a dhoiciméadú ar an suíomh gréasáin (páipéir chúlra, cláir oibre, cuir i láthair, fístaifeadadh de chruinnithe oscailte nuair is iomchuí).

— Na deiseanna oideachais laistigh den Chuibhreannas, lena n-áirítear an cúrsa ríomhfhoghlama, na hacmhainní teagaisc, an tionscnamh um mná óga agus den chéad ghlúin eile, deiseanna maidir le comhaltachtaí agus intéirneachtaí, leanfar dá gcur chun cinn ar chuid ar leith den suíomh gréasáin.

— Cruthófar naisc idir an suíomh gréasáin agus an t-ardán lena áirithiú go ndéanfar gach uirlis for-rochtana agus chumarsáide a úsáideann an Cuibhreannas a chomhtháthú agus a nuashonrú go rialta.

— Leanfar den nuachtlitir a fhoilsiú go míosúil. Beidh an méid seo a leanas ar fáil i ngach eagrán den nuachtlitir: 1) fóram lenar féidir le hionadaithe an Líonra a ngníomhaíochtaí taighde a chur chun cinn agus béim á leagan ar na gníomhaíochtaí is deireanaí sin ar cuireadh tús leo; b) faisnéis nuashonraithe faoi ghníomhaíochtaí an Chuibhreannais; c) nuacht faoi ghníomhaíochtaí chomhaltaí an Líonra; d) eagarfhocal ina bpléifear ábhair maidir le neamhleathadh agus dí-armáil atá ábhartha do bheartas an Aontais.

2.8.1 ***Podchraoladh de chuid Chuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a léiriú* (faoi stiúir: IISS-An Eoraip)**

Cuspóir an tionscadail agus cur síos air

Foráiltear leis an ngníomhaíocht sin go seolfar podchraoladh de chuid Chuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil lena dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna téamacha laistigh de shainordú an Chuibhreannais. I gCéim IV den tionscadal, léireofar 36 chlár sa tsraith podchraoltaí, arna hóstáil ag IISS-Europe.

Torthaí ghníomhaíochtaí an tionscadail

— Cur le feasacht agus faisnéis an Aontais, na mBallstát, na sochaí sibhialta agus tríú tíortha faoi bhagairtí a bhaineann le gnáthairm, le hairm ollscriosta agus lena modhanna seachadta, lena bhféadfaidís a réamhaíocht a fheabhsú.

— Tuiscint níos fearr ar straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus ar straitéis an Aontais maidir le SALW a chur chun cinn sa tsochaí shibhialta.

— Comhéadan idir an tAontas agus líonra na meithleacha machnaimh a áirithiú.

— Ardán a bhainistiú inar féidir le meithleacha machnaimh maidir le neamhleathadh a dtuairimí agus a n-anailís neamhspleách a roinnt go leanúnach maidir le leathadh arm ollscriosta agus gnáth-shaincheisteanna arm, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le SALW.

— Líonra na meithleacha machnaimh neamhspleácha a leathnú, a bhainistiú agus a thabhairt cothrom le dáta.

— Íoslódáil doiciméad, ar bhonn buan agus saor in aisce, de chuid chruinnithe an Líonra agus de chuid meithleacha machnaimh neamhspleácha, ar mian leo a dtorthaí taighde a roinnt gan cúiteamh airgeadais, a chumasú.